Iarratas ar Tháille Cheadúnas Teilifíse a íoc trí Dhochar Díreach ó Chuntas Reatha Bainc

Sonraí an Cheadúnais Teilifíse

Uimhir Thagartha Chuntas an Cheadúnais Teilifíse	
Ainm iomlán ar an gCeadúnas	
An seoladh atá le clúdach ag an gCeadúnas	
Seoladh Poist Murab Ionann é	
Guthán	

Téarmaí agus Coinníollacha agus an Rogha Íocaíochta

Fanfaidh an Comhaontú Dochair Dhírigh seo i bhfeidhm ar bhonn bliain go bliain go dtí go gcuirfear ar ceal é. Rachaidh aon athruithe ar tháille an cheadúnais teilifíse i bhfeidhm ar gach ceadúnas teilifíse a ceannaíodh i ndiaidh an dáta ar a dtagann an táille i bhfeidhm. Cuirfidh An Post in iúl duit, tríd an bpost, ar bhonn bliantúil faoi na méideanna atá le baint as do Chuntas Bainc.

Faoin gcomhaontú seo tá oibleagáid dhlíthiúil ort costas iomlán ceadúnais teilifíse a íoc. Mura bhfaightear aon tráthchuid atá dlite ar tháille do cheadúnais teilifíse, cúlghairfear an ceadúnas dá thoradh sin agus ansin beidh oibleagáid ort ceadúnas iomlán athsholáthair a cheannach nó cúiseofar tú as Reachtaíocht Craolacháin a shárú.

I gcás go n-athraítear do bhanc nó uimhir do chuntas bainc, iarrtar ort an Dochar Díreach seo a chur i gcuimhne do do bhanc ar eagla nach n-íocfaí iarratais ar íocaíocht ó An Post.

Is féidir táille an cheadúnais teilifíse a íoc trí dhochar bliantúil nó i dtráthchodanna. Cuir tic sa bhosca a léiríonn minicíocht an dochair dhírigh atá de dhíth ort, go bliantúil, dhá uair sa bhliain, go ráithiúil nó go míosúil. Nuair atá sainordú dochair dhírigh á thionscnamh maidir le ceadúnas athnuachana, mairfidh dáta éaga an cheadúnais atá ann faoi láthair gan athrú agus baileofar aon riaráistí atá dlite go dtí dáta an tionscnaimh, sa chéad tráthchuid.

Minicíocht an dochair **Bhliantúil** ☐ **Dhá uair sa bhliain** ☐ **Ráithiúil** ☐ **Míosúil** ☐

Ordúchán do do Bhanc chun Dochair Dhíreacha a íoc

An Post, 1/2 Sr. Uí Chonaill Uachtarach, BÁC 1 Uimhir Aitheantais Tionscnóra	3 0 0 4 5 0
Ainm Shealbhóir an Chuntais Bainc	
Uimhir an Chuntais Bainc	
Cód Sórtála an Bhainc	- -
Ainm agus Seoladh an Bhainc	

Ráthaíocht Dochair Dhírigh

- Is ráthaíocht í seo atá curtha ar fáil ag do Bhanc féin mar bhall de Scéim na nDochar Díreach, ina bhfuil Bainc agus Tionscnóirí Dochair Díreacha rannpháirteach
- Má údaraíonn tú íocaíocht trí Dhochar Díreach
  - Cuirfidh do Thionscnóir Dochair Dhírigh in iúl duit roimh ré faoi na méideanna atá le baint as do chuntas.
  - Glacfaidh do Bhanc le dochair dá leithéid, ar an gcuntar go bhfuil go leor airgid ar fáil i do chuntas
- Má shocraítear gur baineadh Dochar Díreach neamhúdaraithe as do chuntas, tá aisíoc gasta ráthaithe duit ó do Bhanc den mhéid a baineadh ar an tslí sin má chuireann tú in iúl do do bhanc gan mhoill mhíchuí nuair a fhaigheann tú amach faoin Dochar neamhúdaraithe agus, in aon chás ar dháta nach déanaí ná 13 mí tar éis don Dochar Díreach sin a bheith curtha chun dochair i do chuntas
- Tá tú i dteideal aisíoc a iarraidh ar aon Dochar Díreach Inathraithe a sháraíonn an tsuim a bhféadfá a bheith ag súil leis go réasúnta, ach iarratas a dhéanamh ar do Bhanc laistigh de thréimhse 8 seachtain ón dáta a gcuirtear an Dochar Díreach sin chun dochair i do chuntas.
- Féadfaidh tú treoir a thabhairt do do Bhanc íocaíocht ar Dhochar Díreach a dhiúltú ach scríobh chuig do Bhanc go tráthúil
- Féadfaidh tú an t-Ordúchán Dochair Dhírigh a chur ar ceal ach scríobh chuig do Bhanc go tráthúil.

Leis seo, ordaím do mo Bhanc Dochair Dhíreacha a íoc ó mo chuntas ar iarratas An Post. Dearbhaím go bhfuil na méideanna atá le baint as claochlaitheach agus gur féidir iad a bhaint as ar dhátaí éagsúla. Cuirfidh mé in iúl don Bhanc mar is cóir más mian liom an tOrdúchán seo a chur ar ceal. Cuirfidh mé in iúl do An Post faoi chealú dá leithéid chomh maith.

Aontaím leis na téarmaí agus na coinníollacha maidir le tháille mo cheadúnais teilifíse a íoc trí Dhochar Díreach ó mo Chuntas Reatha Bainc. Glacaim go hiomlán le m'oibleagáid dhlíthiúil táille an cheadúnais teilifíse a íoc ina iomláine agus má theipeann orm é sin a dhéanamh is féidir mo cheadúnas a chúlghairm dá thoradh sin. Sa chás sin, beidh oibleagáid orm ceadúnas athsholáthair a cheannach ina iomláine nó cúiseofar mé as Reachtaíocht Craolacháin a shárú.

Síniú an Chustaiméara	
Dáta	

Críochnaigh an fhoirm seo agus cuir ar ais chuig Oifig Taifead na gCeadúnas Teilifíse í

IS FÉIDIR LE BAINC DIÚLTÚ D'ORDÚCHÁIN UM DHOCHAR DÍREACH A ÍOC Ó CHUNTAIS DE CHINEÁLACHA ÁIRITHE